CINNEADH (AE) 2022/507 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Márta 2022

lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint don fhógra a thug Éire gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht ([1]), agus gur mian léi a bheith faoi cheangal ag an Rialachán sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I litir dar dáta an 7 Feabhra 2022, thug Éire fógra foirmiúil, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 21, gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) 2021/1147 agus a bheith faoi cheangal aige.

(2) Ní bhaineann aon choinníoll le rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2021/1147.

(3) Dá bhrí sin ba cheart don Choimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 331(1) den Chonradh, rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2021/1147 a dheimhniú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Tá rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2021/1147 deimhnithe.

2. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2021/1147 maidir le hÉirinn, i gcomhréir leis an gCinneadh seo, ón 7 Feabhra 2022.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 251, 15.7.2021, lch. 1.